

Foirm Iarratais Phleanála.

**TABHAIR AN MÉID SEO A LEANAS FAOI DEARA, LE DO THOIL, SULA GCOMHLÁNÓFAR AN FHOIRM SEO:**

***Cinntigh le do thoil go gcomhlánófar gach cuid den fhoirm iarratais seo go hiomlán agus go síneofar í. Ba chóir don iarratasóir n/b (neamhbhainteach) a chur isteach nuair is cuí.***

***Cinntigh le do thoil go gceanglófar gach cáipéisíocht is gá le d'fhoirm iarratais.***

Má theipeann ar dhuine an fhoirm seo a chomhlánú nó an cháipéisíocht riachtanach a cheangal léi, nó má chuirtear faisnéis mhícheart isteach nó má fhágtar faisnéis riachtanach ar lár, déanfar d'iarratas neamhbhailí dá bharr.

**EOLAS BREISE**

***Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil beartais agus cuspóirí i dtaca le Dún na nGall le fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle [www.donegalcoco.ie](http://www.donegalcoco.ie) faoin "Lár-Aonad Pleanála". Chomh maith leis an Phlean Forbartha Contae, tá Pleananna Ceantair ar chóir tagairt a dhéanamh dóibh de réir mar is cuí.***

***Ba chóir d'iarratasóirí eolas a chur ar riachtanais na bpleananna ábhartha agus eolas forlíontach a chur isteach de réir mar is gá***

***Ní dhéanfar d'iarratas pleanála neamhbhailí má theipeann ort eolas forlíontach a sholáthar. Mura gcuirfead ar fáil é, áfach, d'fhéadfaí nach mbeidh an t-údarás pleanála in ann cinneadh a dhéanamh cé acu cead a thabhairt nó gan a thabhairt ar bhonn an eolais a bhíonn ar fáil dó. Mar sin de, d'fhéadfaí moill a chur leis an chinneadh i dtaca le hiarratas, nó d'fhéadfaí cead a dhiúltú, i gcás nach gcuirtear an t-eolas seo ar fáil.***

Ní bheidh an t-iarratasóir i dteideal an fhorbraíochta a dhéanamh ar bhonn ceada phleanála amháin. Is féidir go mbeidh toilíochtaí eile de dhíth ar an iarratasóir, ag brath ar an chineál forbraíochta. Mar shampla, caithfidh gach foirgneamh nua, síntí agus athchóirithe, agus athruithe áirithe úsáide ar fhoirgnimh atá ann cheana, a bheith de réir rialachán tógála, a leagann síos na bunriachtanais deartha agus tógála. Lena chois sin, oibreacha ar bith a dhéanann dochar nó scrios ar áiteanna pórúcháin agus scíste fá choinne sciathán leathair, madraí uisce, cnádán, seilidí Chiarraí agus ainmhithe áirithe mara, beidh sin ina chion choiriúil mura mbíonn sé clúdaithe ag ceadúnas maolaithe atá eisithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (de bhun Alt 16 den Treoir um Ghnáthóga)

**Cosaint Sonraí**

Tá sé de dhualgas ar aon duine nó ar aon aonán ar mian leo aon sonraí pearsanta ar fhoirm iarratais phleanála a úsáid le haghaidh cúiseanna a bhaineann go díreach le margaíocht, bheith sásta go bhfuil sin á dhéanamh go dleathach acu faoi riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Dearbhaíonn Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí go bhféadfaí an Coimisinéar Cosanta Sonraí gníomhú i gcoinne éinne a chuireann ábhar margaíochta chuig daoine aonaracha gan chead, agus ionchúiseamh san áireamh.

**An oiread agus is féidir, nuair a bhíonn iarratas á chur isteach, ba chóir é a chur go díreach chuig Teach an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall. D'fhéadfaí moill a bheith ar iarratais a phróiseáil má chuirtear iad chuig oifigí eile**

Úsáid Oifige Amháin		
Uimh. Thag.		
Dáta Faighte		
TRC		
Cód Talamhúsáide		

**Foirm Iarratais Phleanála**

<b>1</b>	<b>Ainm an Údaráis</b>	<b>Comhairle Chontae Dhún na nGall</b>			
<b>2</b>	<b>Suíomh na Forbartha atá beartaithe</b>				
	Seoladh poist nó Baile Fearainn nó Suíomh (mar is fearr a d'aithneofaí an talamh nó an struchtúr atá i gceist)				
	Uimh. Thag. Léarscáil Sbht Ordanáis. (agus tagairt eangaí má tá ar fáil) <sup>1</sup>				
<b>3</b>	<b>Cineál Cead Pleanála:</b>				
	Cead		Cead Imlíneach		Cead Coinneála
<b>4</b>	Cead de dhroim cead imlíneach a bheith bronnta				
	Uimh. Thag. an cheada imlínigh				Dáta bronnta an cheada imlínigh
<b>5</b>	<b>Iarratasóir<sup>2</sup></b>				
	Ainm :				
	<i>Caithfear seoladh a sholáthar ag deireadh na foirme seo (Ceist 28)</i>				
<b>6</b>	<b>Nuair is Comhlacht an t-iarratasóir (Cláráithe faoi na hAchtanna Comhlachta 1963 go 1999):</b>				
	Ainm(neacha) Stiúrthóirí an Chomhlachta				
	Seoladh cláráithe an Chomhlachta				
	Uimh. Chláráithe an Chomhlachta				
<b>7</b>	<b>Duine ag feidhmiú thar ceann an Iarratasóra (más ann dó):</b>				
	Ainm				
	<i>Caithfear seoladh a sholáthar ag deireadh na foirme (Ceist 29)</i>				
<b>8</b>	<b>An duine atá freagrach as Líniocthaí agus Pleananna a ullmhú<sup>3</sup>:</b>				
	Ainm				
	Gnólacht/Comhlacht				
<b>9</b>	<b>Cur síos ar an Fhorbraíocht atá beartaithe:</b>				
	Cur síos gairid ar thréithe agus ar fhairsinge na forbraíochta <sup>4</sup>				
<b>10</b>	<b>Leas dlíthiúil an Iarratasóra sa Talamh nó sa Struchtúr:</b>				
	<i>Cuir tic sa bhosca cúí chun leas dlíthiúil an iarratasóra sa talamh nó sa struchtúr a léiriú</i>				
	Úinéir:		Sealbhóir:		Eile:
	Más leas dlíthiúil "Eile" atá ann, tabhair tuilleadh sonraí le do thoil faoi do leas sa talamh nó sa struchtúr:				
	Murar tusa an t-úinéir dlíthiúil, tabhair ainm an úinéara: <i>Caithfear seoladh a sholáthar ag deireadh na foirme seo (Ceist 30)</i>				

	<i>(Caithfear litir chomhthola ón úinéir dlíthiúil leis an iarratas a dhéanamh a sholáthar faoi mar a liostaítear sa cháipéisíocht a théann leis)</i>							
<b>11</b>	<b>Achar an tSuímh</b>							
	Achar an tsuímh, i heicteáir, lena mbaineann an t-iarratas:							
<b>12</b>	<b>Sa chás go mbaineann an t-iarratas le Foirgneamh nó le Foirgnimh</b>							
	Spás urláir comhlán <sup>5</sup> aon fhoirgnimh atá ann i m <sup>2</sup>							
	Achar comhlán urláir na n-oibreacha atá beartaithe i m <sup>2</sup>							
	Achar comhlán urláir na hoibre atá le coinneáil i m <sup>2</sup> (más cuí)							
	Achar comhlán urláir i dtaca le haon scartáil i m <sup>2</sup> (más cuí)							
<b>13</b>	<b>I gcás forbraíochta measctha (ms. cónaitheach, tráchtála, tionsclaíoch srl) tabhair miondealú ar na haicmí éagsúla forbraíochta agus miondealú ar oll-achar urláir gach aicme forbraíochta.</b>							
	Aicme Forbraíochta						Oll-achar urláir i m <sup>2</sup>	
<b>14</b>	<b>I gcás forbraíochta cónaithe, tabhair miondealú ar an mheascán cónaithe:</b>							
	Líon	Stiúideo	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	4+ Leaba	Iomlán
	Tithe							
	Achair Urláir							
	Árasáin							
	Achair Urláir							
	Líon spásanna páirceála cairr atá le soláthar	Ann cheana			Beartaithe		Iomlán	
<b>15</b>	<b>Sa chás go dtagraíonn an t-iarratas d'áthrú ábhartha úsáide ar aon talamh nó ar aon struchtúr nó d'áthrú ábhartha úsáide den chineál sin a choinneáil</b>							
	Úsáid atá ann cheana féin <sup>6</sup> (nó úsáid roimhe sin sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg)							
	Úsáid atá beartaithe (nó úsáid a bhfuil sé beartaithe a choinneáil)							
	Tréithe agus fairsinge aon úsáid dá leithéid atá beartaithe (nó úsáid a bhfuil sé beartaithe a choinneáil)							
<b>16</b>	<b>Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne</b>							
	<b>Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil</b>							
	An iarratas ar chead forbartha é an t-iarratas lena mbaineann Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000? <sup>7</sup>						<b>Is ea</b>	<b>Ní hea</b>
	Más 'Is ea' do fhreagra ar an cheist thuas agus nach bhfuil díoluaine ag an fhorbairt (féach thíos) ní mór duit a shonrú, mar chuid de d'iarratas, cén dóigh a bhfuil sé i gceist agat Alt 96 de Chuid V den Acht a chomhlíonadh							
	Más 'Is ea' do fhreagra ar an cheist thuas ach go measann tú go bhfuil an fhorbraíocht díolmhaithe de bhua Alt 97 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 <sup>8</sup> caithfear cóip den Deimhniú Díolúine a chur isteach (nó, sa chás go bhfuil iarratas ar Dheimhniú Díolúine déanta ach nach bhfuil cinneadh déanta ina leith go fóill, ba chóir cóip den iarratas a chur isteach).							
	Más 'Ní hea' an freagra a thug tú ar an cheist thuas de bhua Alt 96(13) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 <sup>9</sup> , ba chóir mionsonraí lena dtabharfar le fios an bonn ar a meastar go mbaineann Alt 96(13) maidir leis fhorbraíocht a chur isteach							
<b>17</b>	<b>Mionsonraí na Forbraíochta</b>							

<b>Cuir tic sa bhosca cúí, le do thoil</b>					
An obair ar struchtúr cosanta agus/nó ar a cúirtealáiste nó ar struchtúr beartaithe cosanta nó ar a chúirtealáiste atá i gceist leis an fhorbraíocht atá beartaithe? <b>Má fhreagraíonn tú 'Is ea' tabhair Uimhir Struchtúir Chosanta:</b>		<b>Is ea</b>	<b>Ní hea</b>		
An é atá i gceist leis an fhorbraíocht atá beartaithe ná obair ar an taobh amuigh de struchtúr atá lonnaithe taobh istigh de limistéar caomhnaithe ailtireachta (LCA)?					
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht a mbeidh tionchar aici ar, nó atá cóngarach do, shéadchomhartha nó áit atá taifeadta faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994 <sup>10</sup> .					
An gá Ráiteas Tionchair Timpeallachta a ullmhú don fhorbraíocht atá beartaithe <sup>11</sup> ?					
An mbaineann an t-iarratas le hobair laistigh de, nó cóngarach do, Láithreán Eorpach (faoi IR Uimh. 94 de 1997) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha <sup>12</sup> ?					
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht ina bhfuil gníomhaíocht a éilíonn ceadúnas um chosc agus rialú comhtháite ar thruailliú?					
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht ina bhfuil gníomhaíocht a éilíonn ceadúnas dramháiola?					
An mbaineann na Rialacháin Mórthubaiste leis an fhorbraíocht atá beartaithe?					
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht a dhéanamh i gCrios um Fhorbraíocht Straitéiseach?					
<b>An bhfuil aon struchtúr le scartáil mar chuid den fhorbraíocht atá beartaithe?</b>					
<b>18 Stair an tSuímh - Sonraí faoi stair an tsuímh, má tá sin ar eolas</b>					
An raibh an suíomh atá i gceist riamh, chomh fada agus is eol duit, faoi thuilte?		Bhí		Ní raibh	
Má bhí, tabhair sonraí le do thoil (.i. bliain, fairsinge)					
An bhfuil eolas agat faoi aon úsáid a baineadh as an suíomh roimhe seo, ms. dumpáil/cairéalacht?		Tá		Níl	
Má tá, tabhair sonraí le do thoil.					
An bhfuil eolas agat faoi aon iarratas bailí pleanála a rinneadh roimhe seo maidir leis an talamh / struchtúr seo?		Tá		Níl	
Má tá, tabhair uimhir/uimhreacha tagartha pleanála agus an dáta nó na dátaí a fuair an t-údarás pleanála an t-iarratas pleanála (más eol duit).		Uimhir Thagartha	Dáta Fála		
<b><i>Má tá iarratas bailí pleanála déanta maidir leis an talamh nó an struchtúr seo sa 6 mhí sular cuireadh isteach an t-iarratas seo, caithfidh an fógra súimh a bheith ar chúlra buí de réir Alt 19(4) de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 mar atá leasaithe</i></b>					
An bhfuil suíomh na forbraíochta faoi réir ag achomharc reatha chuig an Bhord Pleanála maidir le forbairt atá cosúil leis? <sup>13</sup>		Tá		Níl	
Uimhir Thagartha an Bhord Pleanála					
<b>19 Comhairliúchán Réamh-Iarratais</b>					
Ar tharla comhairliúchán réamh-iarratais maidir leis an fhorbraíocht atá beartaithe <sup>14</sup> ?		Tharla		Ní tharla	
Uimhir thagartha (más ann di)					
Daoine a bhí páirteach		Dáta(i) comhairliúcháin			

<b>20 Seirbhísí</b>							
Foinse Soláthair uisce ata beartaithe	Ann cheana féin:		Ceangal úr:		Príomhphíopa Poiblí		
	Tobar Príobháideach		Grúpscéim Uisce		Ainm na Grúpscéime Uisce		
	Eile (Sonraigh)						
Bainistiú / Cóireáil Fuíolluisce atá beartaithe	Ceangal ann cheana féin		Ceangal úr				
	Séarach Poiblí		Gnáthchóras Umair Mhúnlaigh				
	Córas cóireála eile ar an suíomh (Sonraigh le do thoil)						
<i>Dóigh a bhfuiltear le fáil réidh le hUisce ar an Dromchla:</i>			<i>Séarach Poiblí / Draein Phoiblí</i>		<i>Sloc súite</i>		<i>Sruthchúrsa</i>
Eile (tabhair sonraí):							
<b>21 Sonraí an Fhógra Phoiblí</b>							
Nuachtán ceadaithe <sup>15</sup> inar foilsíodh an fógra							
Dáta foilsithe							
Dáta ar cuireadh an fógra suímh in airde							
<b>22 Táille Iarratais</b>							
Táille Iníoctha: €							
An bonn ar a ríomhadh é (líon an fhoirm táille atá leis seo le do thoil)							
<b>23</b>	An bhfuil an teaghais fá choinne:	d'úsáid féin	le díol	le ligint	teach saoire		
<b>24</b>	Fostaithe:	líon ann cheana féin		líon beartaith e	uaireanta oibre		
<b>25</b>	Líon agus cineál tráchta a mheastar a bheith bainteach leis an fhorbraíocht:						
Dearbhaím leis seo, chomh fada le m'eolas agus le mo bhreithiúnas, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhoirm seo ceart agus cruinn agus ag cloí go hiomlán leis an Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe, agus leis na Rialacháin atá déanta faoina réir.							
<b>26</b>	Sínithe: Iarratasóir / Gníomhaire (scrios mar is cú)						
Dátaithe:							

Ní bheidh iarratasóir i dteideal an fhorbraíocht a dhéanamh ar bhonn ceadá phleanála amháin. Is féidir go mbeidh toilíochtaí eile de dhíth ar an iarratasóir, ag brath ar an chineál forbraíochta. Mar shampla, caithfidh gach foirgneamh nua, síntí agus athchóirithe, agus athruithe áirithe úsáide ar fhoirgnimh atá ann cheana, a bheith de réir rialachán tógála, a leagann síos na bunriachtanais deartha agus tógála.

# EOLAS BREISE TEAGMHÁLA

## NÍL SÉ SEO LE CUR AR FÁIL LEIS AN IARRATAS

### Tabhair faoi deara:

- **Caithfear** seoladh an iarratasóra a chur isteach ar an leathanach seo.
- Más mian leis an iarratasóir/ghníomhaire eolas breise teagmhála a chur isteach, is féidir é a dhéanamh anseo.
- Ní fhoilseofar an leathanach seo mar chuid den chomhad pleanála.

### 28. Iarratasóir<sup>2</sup>:

<i>Seoladh (riachtanach)</i>	
<i>Uimh. Ghutháin</i>	
<i>Seoladh Ríomhphoist</i>	
<i>Uimhir Faics</i>	

### 29. Duine/Gníomhaire ag feidhmiú thar ceann an Iarratasóra (más ann dó):

<i>Seoladh</i>	
<i>Uimh. Ghutháin</i>	
<i>Seoladh ríomhphoist (más ann dó)</i>	
<i>Uimh. Faics (más ann di)</i>	

### 30. Úinéir Talún

<i>Seoladh an úinéara</i>	
<i>Uimhir Folio</i>	
<p style="text-align: center;"><b>Ar chóir gach comhfhreagra a chur chuig seoladh an ghníomhaire? (nuair is cuí)</b> <b>(Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil)</b></p> <p>(Tabhair faoi deara, le do thoil, más 'níor chóir' an freagra, go gcuirfear gach comhfhreagra chuig seoladh an Iarratasóra)</p> <p>Ba chóir      [    ]              Níor chóir      [    ]</p>	

## Comhairle i dtaca leis an Fhoirm Iarratais Pleanála a líonadh

Tabhair faoi deara, le do thoil, mura gcuirfean an cháipéisíocht chuí isteach, go measfar d'iarratas a bheith neamhbhailí.

### **GACH Iarratas Pleanála:**

	Leathanach ábhartha an nuachtáin ina bhfuil fógra faoi d'iarratas
	Cóip d'fhógra an tsuímh
	6 chóip de léarscáil shuíomh an láithreáin <sup>16</sup>
	6 chóip de phlean an tsuímh nó a leagan amach <sup>16+17</sup>
	6 chóip de phleananna agus sonraí eile a bheidh ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha lena mbaineann an fhorbraíocht (lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe de phleananna urláir, ingearchlónna agus gearrthacha – seachas i gcás ceada imlínigh)
	An Táille Pleanála cuí

### **Sa chás nach é an t-iarratasóir úinéir dlíthiúil na talún nó an struchtúir atá i gceist:**

- Toiliú scríofa an úinéara leis an iarratas a dhéanamh

### **Sa chás gur iarratas fá choinne forbraíochta cónaithe é an t-iarratas atá faoi réir Chuid V d'Acht 2000:**

- Sonraíocht ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe alt 96 de Chuid V a chomhlíonadh

*Nó*

- Deimhniú díolúine ó cheanglais Chuid V

*Nó*

- Cóip den iarratas a cuireadh isteach ar dheimhniú díolúine.

### **Sa chás gur iarratas fá choinne forbraíochta cónaithe é an t-iarratas nach bhfuil faoi réir Chuid V d'Acht 2000 de bhua alt 96(13) den Acht:**

- Eolas lena leagfar amach an bonn ar a meastar go mbaineann alt 96(13) leis an fhorbraíocht.

**Sa chás go bhfuiltear le fáil réidh le fuíolluisce don fhorbraíocht atá beartaithe ar dhóigh eile seachas trí shéarach poiblí:**

- Eolas ar an chóras cóireála ar an suíomh atá beartaithe agus fianaise maidir lena oiriúnaí is a bheidh an suíomh don chóras atá beartaithe. (2 chóip de dhíth)

**Sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr faoi chosaint / struchtúr atá beartaithe le cur faoi chosaint / nó le taobh amuigh de struchtúr atá suite laistigh de limistéar caomhnaithe ailtireachta (LCA):**

- Grianghraif, pleananna agus sonraí eile a bheidh riachtanach lena thaispeáint conas a dhéanadh an fhorbraíocht difear do charachtar an struchtúir.

**Iarratais a thagraíonn d'athrú ábhartha ar úsáid, nó d'athrú ábhartha ar úsáid den chineál sin a choinneáil:**

- Pleananna (lena n-áirítear plean suímh nó a leagan amach agus líníochtaí pleananna urláir, ingearchlónna agus gearrthacha a chomhlíonann ceanglais Alt 23) agus sonraí eile a bheadh ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha atá beartaithe.

**Sa chás go mbíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta riachtanach le haghaidh iarratais:**

- Ráiteas Tionchair Timpeallachta

**Iarratais atá díolmhaithe ó tháillí pleanála:**

- Cruthúnas incháilitheachta le haghaidh díolúine<sup>18</sup>

## **Treoracha leis an Fhoirm seo a chomhlánú.**

1. Tagairt ghreille ó thaobh Thrasteilgean Mercator na hÉireann.
2. Ciallaíonn "an t-iarratastóir" an duine a bhfuil an cead pleanála á lorg aige, ní gníomhaire atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann.
3. Sa chás go bhfuil na pleananna curtha le chéile ag gnólacht/cuideachta, ba chóir ainm an duine atá freagach go príomha as na líníochtaí agus pleananna a ullmhú, thar ceann na gnólachta/cuideachta/comhlachta sin, a thabhairt.
4. Cur síos gairid ar thréithe agus ar fhairsinge na forbraíochta, lena n-áirítear tagairt do líon agus airde na bhfoirgneamh, struchtúr faoi chosaint, srl.
5. Ciallaíonn spás comhlán urláir an t-achar arna dhéanamh amach de réir thomhas inmheánach spás an urláir ar gach urlár d'fhoirgneamh; .i. Caithfear achair na n-urlár a thomhas ón taobh istigh den bhalla seachtrach.
6. Sa chás gur 'neamhshealbhaithe' an úsáid faoi láthair, luaigh le do thoil an úsáid údaráithe is déanaí a baineadh as an talamh nó struchtúr.
7. Baineann Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 leis sa chás –
  - go bhfuil an talamh criosaithe fá choinne úsáide cónaithe nó fá choinne meascán d'úsáideanna cónaithe agus d'úsáideanna eile;
  - go bhfuil cuspóir sa Phlean Forbartha don limistéar go gcuirfí céatadán den talamh ar fáil fá choinne tithíochta sóisialta agus/nó inacmhainne; agus
  - nach bhfuil an fhorbraíocht atá beartaithe díolmhaithe ó Chuid V.
8. Faoi alt 97 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, féadfaidh iarratais, a bhfuil forbraíocht 4 theach nó níos lú, nó forbraíocht ar thalamh níos lú ná 0.1 heicteár, i gceist leo, a bheith díolmhaithe ó Chuid V.
9. Faoi alt 96(13) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, ní bhaineann Cuid V le forbraíochtaí áirithe tithíochta ag comhlachtaí tithíochta deonaí faofa, le hathchóiriúcháin áirithe, le hoibreacha a dhéantar ar theach atá ann cheana féin nó le forbairt tithe faoi chomhaontú arna dhéanamh faoi alt 96 den Acht.
10. Bíonn Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna, faoi alt 12 d'Acht Leasaithe na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994, ar fáil, le haghaidh gach contae, sna húdaráis áitiúla agus sna leabharlanna poiblí sa chontae sin. Tabhair faoi deara le do thoil má dhéanann an fhorbraíocht atá beartaithe difear do, nó má tá sé cóngarach do shéadchomhartha náisiúnta atá, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go dtí 2004, faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údarais áitiúil nó atá ina ábhar ordaithe buanchoimeádta nó ordaithe buanchoimeádta sealadaigh, tá toiliú reachtúil ar leith ag teastáil, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Le haghaidh faisnéise maidir le cibé an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údarais áitiúil nó ina n-ábhar orduithe

buanchoimeáda, téigh i dteagmháil le Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

11. Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) riachtanach le haghaidh aicmí forbraíochta atá forodaithe le hAlt 93 agus Sceideal 5 de Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha 2001-2011, a théann thar theorainn, mhéid nó thairseach atá leagtha síos don chineál sin forbraíochta. Beidh RTC de dhíth ar an údarás pleanála fosta fá choinne forbraíochtaí atá faoi bhun na tairsí forodaithe má mheasann an t-údarás pleanála gur dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an fhorbraíocht ar an chomhshaol (Alt 103).
12. Tá gá le measúnú cuí ar an fhorbraíocht atá beartaithe sa chás nach féidir a chur as an áireamh go mbeadh éifeacht shuntasach ag an fhorbraíocht sin ar shuíomh Eorpach. Is é an t-údarás pleanála atá freagrach as forbraíochtaí atá beartaithe a scrúdú lena oibriú amach cé acu tá measúnú cuí de dhíth nó nach bhfuil, agus sa chás go socraíonn an t-údarás go bhfuil gá le measúnú cuí, is iondúil go n-iarrfaidh an t-údarás ar an iarratasóir Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a chur isteach. Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir barúlach go mbeidh éifeacht shuntasach ag an fhorbraíocht atá beartaithe ar shuíomh Eorpach, is faoi nó fúithi féin RTN a chur isteach leis an iarratas pleanála.
13. Caithfear cinneadh a bheidh déanta i leith an achomhairc nó é a bheith tarraingthe siar sula bhféadfar iarratas eile cosúil leis a dhéanamh.
14. Ní fhéadfaidh comhairliúchán foirmiúil réamh-iarratais a tharlú ach amháin faoi Alt 247 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Ba chóir don iarratasóir dul i dteagmháil leis an údarás pleanála más mian leis nó léi comhairliúchán réamh-iarratais a fháil. I gcás forbraíochta cónaithe lena mbaineann Cuid V d'Acht 2000, comhairlítear d'iarratasóirí leas a bhaint as an áis chomhairliúcháin réamh-iarratais lena chinntiú gur féidir comhaontú i bprionsabal faoi Chuid V a bhaint amach sula gcuirfead an t-iarratas pleanála isteach.
15. Tá liosta na nuachtán ceadaithe, chun críocha fógra a thabhairt maidir le rún iarratas pleanála a dhéanamh, ar fáil ón údarás pleanála a bhfuil an t-iarratas le cur faoina bhráid.
16. Ba chóir go mbeadh gach plean, líníocht agus léarscáil dá gcuirtear faoi bhráid an údaráis phleanála de réir cheanglais Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001-2011.
17. Ba chóir suíomh fhógra(i) an láithreáin a thaispeáint ar léarscáil shuíomh an láithreáin.
18. Féach Sceideal 9 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001. Má thairgtear táille laghdaithe, ba chóir mionsonraí ar íocaíochtaí agus cheadanna pleanála ábhartha roimhe sin a thabhairt. Má tá díolúine ó íocaíocht táillí á héileamh faoi Alt 157 de Rialacháin 2001, ba chóir fianaise a iamh le hincháilitheacht díolúine a chruthú.